

Clár

1.	Cad é an Deontas Tacaíochta Cúramóra?	3
2.	Conas a cháilítear?	4
3.	Cad is brí le ‘cúram agus aire lánaimseartha’?	5
4.	An gá cónaí leis an duine a bhfuil cúram lánaimseartha de dhíth air/uirti?	6
5.	Conas a fhaightear an íocaíocht?	7
6.	Cé mhéid is féidir a fháil?	7
7.	Déan seiceáil an gcáilíonn tú don Deontas Tacaíochta Cúramóra	7
8.	Cathain agus conas a dhéantar iarratas?	8
9.	Conas a líontar an fhoirm iarratais ar an Deontas Tacaíochta Cúramóra?	9
10.	An féidir éileamh a dhéanamh i leith na bliana seo caite?	10
11.	Cad a tharlóidh más amhlaidh nach bhfuiltear sásta leis an gcinneadh?	10
12.	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	11
13.	An Scéim um Chúramaí Baile	11

Bealtaine 2017

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáiliúcháin le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Lárionad Intreo áitiúil, leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (féach leathanach 11 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo agus ní léirmhíniú dleathach atá ann.

1. Cad é an Deontas Tacaíochta Cúramóra?

Is éard atá sa Deontas Tacaíochta Cúramóra (a thagann in ionad an Deontais Chúraim Fhaoisimh) ná íocaíocht bhliantúil do chúramóirí a thugann aire do dhaoine áirithe a bhíonn i ngátar cúraim agus aire lánaimseartha. Déantar an íocaíocht gan beann ar acmhainn an chúramóra ach í **faoi réir coinníollacha áirithe**.

Tábhachtach

Ní gá duit iarratas a dhéanamh ar an Deontas Tacaíochta Cúramóra má fhaigheann tú, nó aon duine eile:

- **Liúntas Cúramóra (lena n-áirítear an Liúntas Cúramóra ar leathráta a tugadh isteach i Meán Fómhair 2007),**
- **Sochar Cúramóra,**
- **Liúntas Cúraim Bhaile i leith an chúraim don duine seo,**

Íoctar an Deontas Tacaíochta Cúramóra go huathoibríoch le haon duine a fhaigheann na híocaíochtaí seo.

Ní íoctar ach ceann amháin de Dheontas Tacaíochta Cúramóra i leith gach duine ag a mbíonn gá le cúram agus aire lánaimseartha.

Más amhlaidh **nach** raibh aon cheann de na híocaíochtaí a luaitear thuas á fháil agat an bhliain seo caite, ach go bhfuair tú fós an Deontas Tacaíochta Cúramóra, ní gá duit iarratas a dhéanamh arís i mbliana. Gheobhaidh tú litir in Aibreán na bliana seo ón Rannóg um Dheontas Tacaíochta Cúramóra, in éineacht le ceistneoir gearr 2-leathanach. Ní mór duit na ceisteanna ar an gceistneoir a fhreagairt agus é a chur ar ais chuig an Rannóg um Dheontas Tacaíochta Cúramóra. Tar éis duit an ceistneoir a chur ar ais, bainfidh an Roinn feidhm as an gceistneoir seo agus as an eolas ar an gcomhad chun thú a athmheas chun críche an Deontais Tacaíochta Cúramóra.

2. Conas a cháilítear?

Cáileoidh tú má tá tú, an cúramóir:

- 16 bliana d'aois nó os a chionn sin,
- i do ghnáthchónaí sa Stát,
- ag tabhairt aire don duine ar bhonn lánaimseartha,
- ag tabhairt aire don duine ar feadh sé mhí ar a laghad - ní foláir an chéad Déardaoin i Mí an Mheithimh a bheith ar áireamh sa tréimhse chúraim seo,
- i do chónaí leis an duine a bhfuil tú ag tabhairt aire dó/di nó más féidir teagmháil a dhéanamh leat go sciobtha trí chóras díreach cumarsáide (mar shampla, guthán nó aláram) idir d'áit chónaithe agus áit chónaithe an duine a bhfuil tú ag tabhairt aire dó/di.

Thairis sin, ní foláir an duine a bhfuil tú ag tabhairt aire dó/di a bheith:

- chomh héagumasach sin go bhfuil gá aige/aici le cúram agus aire lánaimseartha (is gá deimhniúchán leighis a chur ar fáil),
- gan a bheith ina c(h)ónaí go rialta in ospidéal, i dteach téarnaimh nó i bhforas eile dá samhail,
- gan cúram agus aire lánaimseartha a bheith á bhfáil aige/aici laistigh dá (h)áit chónaithe féin ó dhuine eile.

Ní cháileoidh tú má tá tú, an cúramóir:

- ag obair lasmuigh den áit chónaithe ar feadh breis agus 15 huairé an chloig sa tseachtain,

nó

- ag fáil an tSochair Chuardaitheora Poist nó ag fáil an Liúntais Chuardaitheora Poist nó ina theideal sin nó ag síniú i gcomhair ranníocaíochtaí curtha chun sochair,

nó

- ag cónaí in ospidéal, teach téarnaimh nó i bhforas dá samhail.

3. Cad is brí le ‘cúram agus aire lánaimseartha’?

Ní foláir an duine atá faoi chúram a bheith chomh héagumasach sin go bhfuil gá aige/aici le:

- maoirseacht go leanúnach agus cabhair go minic ó cheann ceann an lae ó thaobh a riachtanas pearsanta, amhail a bheith ag siúl agus ag corraí, ag cur éadaí air/uirthi, ag ní, ag ithe agus ag ól,

nó

- maoirseacht go leanúnach chun baol dó/di féin a sheachaint,

agus

- cúram agus aire lánaimseartha ar feadh sé mhí ar a laghad.

Ní foláir an chéad Déardaoin i Mí an Mheithimh a bheith ar áireamh sa tréimhse chúraim seo.

Tabhair faoi deara

Féadfaidh an duine atá faoi chúram freastal ar chúrsa neamhchónaitheach oiliúna athshlánúcháin nó ar lárionad neamhchónaitheach cúraim lae arna fhaomhadh ag an Aire Sláinte agus Leanaí.

Féadfaidh tú, an cúramóir:

- freastal ar chúrsa oideachais nó oiliúna nó dul le hobair dheonach nó le hobair phobail lasmuigh de d’áit chónaithe ar feadh suas le 15 huairé an chloig sa tseachtain,

nó

- obair a dhéanamh lasmuigh de d’áit chónaithe ar feadh suas le 15 huairé an chloig sa tseachtain,

nó

- cumasc den dá rud a dhéanamh, ar chuntar nach rachaidh an méid iomlán le chéile thar 15 huairé an chloig sa tseachtain.

Le linn duit a bheith as láthair, ní mór duit cúram leordhóthanach a shocrú don duine a bhfuil gá aige/aici le cúram agus aire lánaimseartha.

Déanfaimid measúnú ar an ngá le cúram lánaimseartha a sholáthar ar bhonn aonair. Ní bheimis ag súil leis go soláthródh cúramóir cúram ar bhonn 24 huaire an chloig.

Cuirfimid na socruithe a luaitear thuas i bhfeidhm ar mhodh solúbtha, agus aird á tabhairt ar na riachtanais a bheidh ort, an cúramóir, agus ar an duine a mbeidh gá aige/aici le cúram. Beidh gá againn, áfach, le cur síos ar an gcúram a bheidh á chur ar fáil agat.

4. An gá cónaí leis an duine a bhfuil cúram lánaimseartha de dhíth air/uirthi?

Is gá. Beidh tú i do chónaí go rialta leis an duine a bheidh faoi chúram. Ach i gcásanna áirithe, féadfaidh tú cáiliú don Deontas Tacaíochta Cúramóra más cúramóir neamhchónaitheach thú.

Más cúramóir neamhchónaitheach thú, ní foláir duit an méid seo a leanas a thaispeáint:

- go bhfuil tú ag tabhairt aire don duine ar bhonn lánaimseartha,

agus

- gurb ann do chóras díreach cumarsáide idir d'áit chónaithe agus áit chónaithe an duine atá faoi do chúram (mar shampla, córas gutháin nó aláirim),

agus

- nach bhfuil cúram agus aire lánaimseartha á bhfáil cheana ag an duine atá faoi chúram laistigh dá (h)áit chónaithe ó dhuine seachas tusa, an t-iarrthóir.

I gcásanna dá leithéid, ní foláir duit a thaispeáint go bhfuil cúram agus aire lánaimseartha á dtabhairt don duine atá faoi chúram.

5. Conas a fhaightear an íocaíocht?

Is iondúil go ndéantar íocaíocht trí thaisce dhíreach i gcuntas in institiúid airgeadais. Ní foláir an cuntas seo a bheith ina chuntas reatha, taisce nó coigiltis, ach ní ghlacfar le cuntas morgáiste. Féadfaidh cúramóir íocaíocht a fháil freisin in Oifig an Phoist, ach ní foláir Cárta Leasa Shóisialaigh nó Cárta Seirbhísí Poiblí a bheith aige/aici chun é seo a dhéanamh.

6. Cé mhéid is féidir a fháil?

Is é an Deontas Tacaíochta Cúramóra ná €1,700 (an ráta reatha) i leith gach duine atá faoi do chúram.

7. Déan seiceáil an gcáilíonn tú don Deontas Tacaíochta Cúramóra

An bhfuil tú:

- ag obair nó ag gabháil don oideachas nó don oiliúint lasmuigh de d'áit chónaithe ar feadh níos mó ná 15 huairé an chloig sa tseachtain?
- ag fáil an tSochair nó an Liúntais Chuardaitheora Poist?
- ag síniú i gcomhair ranníocaíochtaí curtha chun sochair?

Má d'fhreagair tú 'Tá' ar aon cheann de na ceisteanna seo, **níl** tú intofa don Deontas Tacaíochta Cúramóra. **Ná líon** an fhoirm iarratais, le do thoil.

Má d'fhreagair tú 'Níl':

- an dtugann tú aire don duine ar bhonn lánaimseartha?
- an raibh, nó an dócha go mbeidh cúram agus aire lánaimseartha á soláthar agat ar feadh sé mhí ar a laghad?
- an bhfuil an chéad Déardaoin i Mí an Mheithimh ar áireamh sa tréimhse chúraim seo?

Tabhair faoi deara

Ó Mheán Fómhair 2007 is féidir go mbeidh tú in ann Liúntas Cúramóra ar leathráta a fháil in éineacht le híocaíocht leasa shóisialaigh eile. Is féidir freisin go mbeidh tú in ann an íocaíocht seo a fháil fiú má tá méadú duit mar dhuine fásta cáilithe á fháil ag do chéile nó do pháirtneir ar a (h)íocaíocht leasa shóisialaigh. Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.welfare.ie.

Má d'fhreagair tú 'Tá' ar aon cheann de na ceisteanna seo, **níl** tú intofa don Deontas Tacaíochta Cúramóra. **Ná líon** an fhoirm iarratais, le do thoil.

8. Cathain agus conas a dhéantar iarratas?

Is cóir duit iarratas a dhéanamh ar an Deontas Tacaíochta Cúramóra chomh luath agus a bhraitheann tú go gcomhlíonann tú na coinníollacha a léirítear thuas sa leabhrán seo agus ar chuntar nach bhfaigheann tú íocaíocht a luaitear ar leathanach 3.

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar an Deontas Tacaíochta Cúramóra tríd an bhfoirm iarratais **CSG 1** a líonadh i leith gach duine atá faoi do chúram agus í a chur chuig an seoladh thíos.

Is féidir leat foirm iarratais a fháil ó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil, d'Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh, ón seoladh thíos, ar www.welfare.ie nó trí theachtaireacht téacs a chur chuig **51909** (féach na sonraí ar leathanach 12).

Má theastaíonn cabhair uair chun an fhoirm iarratais a líonadh, déan teagmháil le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó leis an Rannóg um Dheontas Tacaíochta Cúramóra.

Cuir d'fhoirm líonta chuig an:

Rannóg um Dheontas Tacaíochta Cúramóra

Bosca OP 10085

Baile Átha Cliath 2

Guthán (01) 704 3240

9. Conas a líontar an fhoirm iarratais ar an Deontas Tacaíochta Cúramóra?

Sula líonfaidh tú an fhoirm iarratais, caith beagán ama leis an gcuid seo a léamh, le do thoil.

Nuair a phléimid le hiarratas ar an Deontas Tacaíochta Cúramóra, is féidir go mbeidh orainn cás beirte (an cúramóir agus an duine a dtugtar aire dó/di) a mheasúnú.

Ní foláir dúinn scrúdú a dhéanamh ar riocht sláinte an duine atá faoi chúram chun a shuíomh an bhfuil gá acu le cúram agus aire lánaimseartha.

Is gá freisin gur deimhin linn go bhfuil cúram agus aire lánaimseartha á gcur ar fáil agat, an cúramóir, agus go bhfuil tú i riocht é sin a dhéanamh.

Ciallaíonn sé seo go gcaithfear a lán mioneolais a lorg uait ar an bhfoirm iarratais.

Roinntear an fhoirm iarratais sna codanna seo a leanas:

Ní foláir duitse **Codanna 1 agus 2** a líonadh.

Baineann **Cuid 1** le do shonraí pearsanta.

Nóta ar cheisteanna 16 agus 17 – Má oibríonn/d'oibrigh tú nó má fhreastalaíonn/d'fhreastail tú ar chúrsa oideachais nó oiliúna lasmuigh den áit chónaithe ar feadh 15 huairé an chloig nó níos lú ná sin sa tseachtain, ní foláir do d'fhostóir nó don údarás oiliúna an dearbhú i gceist 20 a líonadh, a shíniú agus a stampáil.

Baineann **Cuid 3** le sonraí i leith an duine a dtugann tú aire dó/di.

Má thugann tú aire do bhreis agus duine amháin, líon leagan breise den fhoirm **CSG 1**, le do thoil, agus cuir í faoi iamh leis an bhfoirm iarratais.

Is éard atá i **gCuid 4** ná an seicliosta ar cóir duit dul ina muintín sula ndéanfaidh tú iarratas.

Baineann **Cuid 5** leis an deimhniúchán leighis i leith an duine a dtugann tú aire dó/di.

Ní foláir don duine a dtugtar aire dó/di **Cuid A** a shíniú. Murar féidir leis an duine a dtugtar aire dó/di an fhoirm seo a líonadh, is cóir duit í a líonadh dó/di agus a chur faoi deara go síneoidh finné í.

Ní foláir do dhochtúir an duine faoi do chúram **Cuid B** a líonadh. 9

10. An féidir éileamh a dhéanamh i leith na bliana seo caite?

Is féidir. Féadfar iarratas ar Dheontas na bliana seo caite a dhéanamh suas go dtí an 31 Nollaig den bhliain reatha.

11. Cad a tharlóidh más amhlaidh nach bhfuiltear sásta leis an gcinneadh?

Mura n-aontaíonn tú leis an gcinneadh ar d'iarratas agus má bhíonn a thuilleadh eolais agat, cuir é, le do thoil, chuig an **Rannóg um Dheontas Tacaíochta Cúramóra**, Bosca OP 10085, Baile Átha Cliath 2. Athbhreithneoidh Oifigeach Breithiúnachta d'éileamh agus tabharfar cinneadh úr duit.

nó

Mura n-aontaíonn tú leis an gcinneadh ar d'iarratas ná le haon athbhreithniúchán ina dhiaidh sin, féadfaidh tú achomharc a dhéanamh ina aghaidh sin. Ní foláir aon achomharc a dhéanamh i scríbhinn laistigh de 21 lá ó dháta an chinnidh, agus ní foláir an fáth le d'achomharc a lua.

Is cóir duit d'achomharc a chur chuig:

Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh

Teach D'Olier

Sráid D'Olier

Baile Átha Cliath 2

DO2 XY31

Guthán: (01) 67 32800

Íosghlao: 1890 74 74 34

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, le do thoil, ar + 353 167 32800.

12. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun a thuilleadh eolais a fháil ar an **Deontas Tacaíochta**

Cúramóra, déan teagmháil le do Lárionad Intreo áitiúil, d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó leis an **Rannóg um Dheontas Tacaíochta Cúramóra** ag an seoladh ar lch 8.

Chun leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus a thuilleadh eolais ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a fháil:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
 - Cuir teachtaireacht téacs achuig **51909** (féach na sonraí ar Leathanach 12).
 - Guthán: (071) 919 3302
Íosghlao: 1890 66 22 44
- Má tá tú ag gaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, le do thoil, ar + 353 71 91 93302.
- Buail isteach chuig d'Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).

13. An Scéim um Chúramaí Baile

Dearadh an Scéim chun a chinntiú nach bhfulaingeachd Cúramaithe Baile cailteanas teidlíochta ar Phinsean Stáit (Ranníocach) mar gheall ar shosanna ó fhostaíocht chun aire a thabhairt do leanbh faoi bhun 12 bhliain d'aois, nó do leanbh nó duine fásta éagumasach atá 12 bhliain d'aois nó os a chionn sin, ar 6 Aibreán 1994 nó ina dhiaidh sin. Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Leabhráin áisiúla eile

Treoir ar Éisteachtaí Achomhairc	SW 53
Oifig na nAchomharc, Treoir Thosaigh	SW 56
Liúntas Cúramóra	SW 41
Sochar Cúramóra	SW 49
An Scéim um Chúramaí Baile	SW 1
Leabhrán ar Rátaí Iocaíochta	SW 19

Chun foirmeacha a iarraidh, téacsáil cód na foirme agus d'ainm agus do sheoladh dá éis chuig 51909 (ó Phoblacht na hÉireann amháin). Bíonn feidhm ag na rátaí caighdeánacha téacsála.

Mar shampla, dá mba mhian leat an fhoirm i leith an Liúntais Chúramóra a iarraidh, téacsáil FOIRM CARA MÁIRE UÍ MHURCHÚ 1 SRÁID NUA, SEANBHAILE, CONTAE DHÚN NA NGALL.

Íocaíocht nó scéim leasa shóisialaigh	Cód na foirme
Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil	FOIRM BTSCFA
Liúntas Cúramóra	FOIRM CARA
Sochar Cúramóra	FOIRM CARB
Deontas Tacaíochta Cúramóra	FOIRM CSG
Sochar Linbh (Foirm CB1)	FOIRM CHILD
Liúntas Míchumais	FOIRM DA
Liúntas Cúraim Bhaile	FOIRM DCA
Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	FOIRM FIS
Saorthaisteal	FOIRM TRAVEL
Liúntas Breosla	FOIRM FUEL
Sochair don Líon Tí	FOIRM HHB
Pinsean Easláine	FOIRM INV
Méadú um Chónaí Aonair	FOIRM LAA
Sochar Máithreachais	FOIRM MAT
Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora	FOIRM OPFP
Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)	FOIRM SPNC
Pinsean Stáit (Ranníocach)	FOIRM SPC
Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)	FOIRM WCP
Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)	FOIRM WNCP